





Clár Ábhar

Réamhrá	2
Ráiteas Misin	2
Feidhmeanna na Comhairle	2
Plean Straitéiseach 2006-09	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Baill na Comhairle	4
Coistí na Comhairle	5
Ráiteas an Stiúrthóra	11
Foireann CCÉRO agus Struchtúr Eagraíochta	12
Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2008	13
<i>Comhdhéanamh na Comhairle agus Eolas Eile</i>	14
<i>Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle</i>	15
<i>Bonn Ghnóthas Leantach na Cuntasaíochta</i>	15
<i>Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais</i>	16
<i>Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta</i>	18
<i>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</i>	19
<i>Cuntas Comhardaithe</i>	20
<i>Nótaí leis na Ráitis Airgeadais</i>	21

Réamhra

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamhospidéal in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal de bhun Ionstraim Reachtúil Uimh. 109 de 2000, Ordú na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (Bunaíocht), 2000 agus leasaithe ag Ordú Ionstraim Reachtúil Uimh. 575 de 2004 (Leasú) 2004. Déanadh na hOrdúithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar atá leasaithe agus daingnithe ag an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007.

Tháinig ann do CCÉRO in ionad na Comhairle Comhairleach Náisiúnta Otharcharr (CCNO), a bhunaigh an tAire Sláinte i mBealtaine 1998.

Ráiteas Misin

Déanann an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an pobal a chosaint trí shonrú, athbhreithniú agus cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán feabhais maidir le soláthar cúraim éigeandála réamhospidéal do mhuintir na hÉireann.

Feidhmeanna na Comhairle

Is iad príomhfeidhmeanna an CCÉRO ná

- A chinntiú go dtagann institiúidí oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i gCéad Fhreagairt agus i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála le dea-chleachtas reatha.
- A chinntiú go mbaineann Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéal amach agus go gcoimeádann siad a n-inniúlacht ag an gcaighdeán cuí feidhmíochta.
- Urraíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar threoirí dea-chleachtais i gcúram réamh-ospidéal.
- Taighde iomchuí a aimsiú, a chur chun cinn agus urraíocht a dhéanamh uirthi le treoir a thabhairt don Chomhairle maidir le cúram réamh-ospidéal in Éirinn.
- Caighdeán eile cúraim éigeandála réamh-ospidéal a mholadh de réir mar is cuí.
- Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád.
- Na soláthraí cúraim éigeandála réamh-ospidéal sin a thugann faoi na treoirí cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.

Plean Straitéiseach 2006–2009

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar sonraí ar na straitéisí sonracha a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Tugann an Plean Straitéiseach treoir agus fócas soiléir agus tá sé ar fáil ar leathanach ár bhfoilseachán, www.phecc.ie

Ráiteas ón gCathaoirleach

Cuireann sé an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2008 a chur i láthair.

Is mé i mo Chathaoirleach ar an gComhairle nua a hainmníodh i Mí an Mheithimh, ba mhaith liom ómós a thabhairt don Iar Chathaoirleach Paul Robinson agus a Chomhairle as ucht a bhfuil bainte amach acu sna ocht mbliana ó tionscnaíodh an CCÉRO in 2000.

I measc na bpríomhghnóhachtálacha go dtí seo tá:

- An tús a cuireadh leis an 6ú clár reachtúil de ghairmithe sláinte i ndiaidh Dochtúirí, Altraí, Fiaclóirí, Radharceolaithe agus Cógaiseoirí; anois tá os cionn 2,500 cláraí ann.
- Cáilíodh na chéad chéimithe Ard Pharaimhíochaineora in 2005 agus anois tá os cionn 147 acu againn go náisiúnta.
- Forfheidmiú na gCaighdeán CCÉRO a dhéanann riachtanais thraenála agus oideachais a thaisteal i sé leibhéal ar fud raon leathan na bhfreagróirí (Céad Fhreagairt Chairdiach, Garchabhair ag an Obair, Céad Fhreagairt Éigeandála) agus cleachtóirí cláraithe um chúram éigeandála réamh-ospidéal (Teicneoir Éigeandála Míochaine, Paraimhíochaineoir, Ard-pharaimhíochaineoir).
- Tá coimisiúnú déanta ar chaighdeán do thraenáil Rialtóra.
- Tá an CCÉRO ag reachtáil scrúduithe náisiúnta do Pharaimhíochaineoirí ó 2002 agus d'Ard-Pharaimhíochaineoirí ó 2005 agus in 2008 do reachtáil siad scrúduithe ar fud gach leibhéal freagróra agus Cleachtóra.
- Forbraíodh agus leathnaíodh Treoirínte um Chleachtas Cliniciúil a foilsíodh do TÉ (Teicneolaíocht Éigeandála), do chleachtas Paraimhíochaineora agus Ard-Pharaimhíochaineora le cleachtas a threorú ar fud na sé leibhéil de Chaighdeán nua Oideachais agus Traenála agus foilseofar iad in 2010.
- Rinne Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath feidmiú céimneach ar thionscadal náisiúnta, Comhtháthú agus Traenáil na bhFreagróirí Éigeandála Míochaine (MERIT), le héascú a dhéanamh ar na ról chuí do Chleachtóirí Ginearálta i gcúram réamh ospidéal, i gcomhar leis na Seirbhísí Otharcharranna, agus tá sí gníomhach san uile cheantar FSS in 2008.
- Tá an CCÉRO tar éis clár de thaighde anailíse spásúlachta a chur i bhfeidhm le treoir a thabhairt maidir le húsáid optamach na n-otharcharr agus na nArd pharaimhíochaineoirí agus na nArdfhreagróirí.
- Tá Tuarascáil náisiúnta leictreonach um Chúram Othar (ePCR) á chur i bhfeidhm anois i gCeantar Thoir Thuaidh an FSS agus is ann do phleananna d'fhorfheidmiú náisiúnta.
- Bunú Chlár um Stad Cairdiach Eis-Ospidéal (OHCAR) i gcomhar leis an FSS agus le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Bunú ionad taighde réamh-ospidéal i gcomhar le hOllscoil Luimnigh.
- Bunú an Tionscadail Taighde um Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla, i gcomhar leis an FSS agus leis an bhFóram Náisiúnta Comhpháirtíochta agus le hOllscoil na hÉireann Maigh Nuad.
- Rannpháirtíocht leanúnach leis na hearnálacha príobháideacha, deonacha agus cunta atá rannpháirteach i gcúram réamh-ospidéal.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill nua na Comhairle agus na gCoistí éagsúla go leanfaidh a dtiomantas agus a ndíograis le fíis an CCÉRO a bhaint amach. Ba mhaith liom, thar ceann na Comhairle, buíochas a ghabháil leis an Stiúrthóir An Dr Geoff King, an Cláraitheoir, Mr Barry O'Sullivan, agus le foireann uile an CCÉRO as ucht a ndianobair agus a dtiomantas, rud a bhí, atá agus a bheidh rithabhachtach maidir le dul chun cinn a dhéanamh.



Mr Tom Mooney,
Cathaoirleach

Ballraíocht na Comhairle

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Ó d'ainmnigh an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, an dara Comhairle den CCÉRO, i Meitheamh 2008, seo a leanas na baill gur tháinig baill eile i gcomharbacht orthu: Mr Paul Robinson, Cathaoirleach; an tOll Gerard Bury, Leas-Chathaoirleach; Mr David Hall, Mr Gabriel Glynn, Mr John Duggan, Ms Julie Woods, Mr Mark Doyle, Mr Pat Gaughan, Mr Pat Hanafin, Mr Pat Mc Creanor agus Mr Sean Creamer. Athainmníodh Mr Michael Garry; Mr Frank O'Malley; agus Mr Macartan Hughes do théarma breise ceithre bliana.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008



Cathaoirleach

Mr Tom Mooney
Comhairleach um Bainistíocht
Chúram Sláinte



Leas-Chathaoirleach

Ms Valerie Small
Altra Cláraithe



Cathaoirleach

Coiste um Chúram Cliniciúil
Mr Frank O'Malley
Paraimhíochaineoir, FSS



Cathaoirleach

Grúpa Comhairliúcháin Míochaine
Mr Cathal O'Donnell
Liachleachtóir



Cathaoirleach

Coiste Creidiúnúcháin
Mr Michael Garry
Comhairleach um Bainistíocht
Chúram Sláinte



Mr Michael Brennan
Ionadaí Poiblí



Mr Michael Dineen
Cathaoirleach, Cumann na
bPearsanna Otharcharranna



Mr Conor Egleston
Liachleachtóir



Ms Patricia Fitzpatrick
Briogáid Dóiteáin Bhaile
Átha Cliath/Coláiste Ríoga na
Máinlianna in Éirinn



Dr Zelig Gaffney
Liachleachtóir



Ms Karen Healy
Pleanáil Éigeandála,
FSS



Mr Macartan Hughes
Stiúrthóir, Coláiste na Seirbhíse
Náisiúnta Otharcharranna



Ms Mary Mc Clelland
Comhairleoir Sláinte ag an Obair



Mr Frank Mc Clintock
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta,
Oifig na nOspidéal Náisiúnta



Mr Barry O'Brien
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta AD,
Oifig na nOspidéal Náisiúnta



Mr Tom Tinnelly
Paraimhíochaineoir, FSS



Mr Gerry Tuohy
Paraimhíochaineoir, FSS

An Chomhairle
Um Chúram Éigeandála
Réamh-Ospidéal



Coistí na Comhairle

Tugann Coistí agus Grúpaí Oibre Seasta na Comhairle cúnamh agus comhairle di maidir le comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

Coiste um Chúram Cliniciúil

Téarmaí tagartha

Plé a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt maidir le g(h)néithe feidhmíochta um chúram cliniciúil le plé/atá á bplé ag an nGrúpa Comhairleach Míochaine (MAG), an Coiste agus Comhairle Creidiúnúcháin.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Seo a leanas na baill gur tháinig baill eile i gcomharbacht orthu: Mr Sean Creamer, Cathaoirleach; Mr Paul Robinson, Cathaoirleach na Comhairle; an tOll Gerard Bury, Leas Chathaoirleach na Comhairle; Mr Mark Doyle, Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairliúcháin Míochaine; Ms Julie Woods, Cathaoirleach an Choiste Creidiúnúcháin; Mr Pat Hanafin, Ball den Chomhairle; Mr John Duggan, Ball den Chomhairle; Mr David Hall, Ball den Chomhairle; Mr Pat Gaughan, Ball den Chomhairle.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008

Mr Frank O'Malley	<i>Cathaoirleach, Ball den Chomhairle</i>
Mr Tom Mooney	<i>Cathaoirleach, Comhairle</i>
Ms Valerie Small	<i>Leas-Chathaoirleach, Comhairle</i>
Mr Cathal O'Donnell	<i>Cathaoirleach, Grúpa Comhairliúcháin Míochaine</i>
Mr Michael Garry	<i>Cathaoirleach, Coiste Creidiúnúcháin</i>
Mr Tom Tinnelly	<i>Paraimhíochaineoir</i>
Mr Michael Dineen	<i>Paraimhíochaineoir</i>
Folamh	<i>Ionadaí do Thomhaltóirí (Fócas ar Othair)</i>
Ms Brigid Sinnott	<i>Foras Croí na hÉireann</i>
Ms Mary Mc Clelland	<i>Ball den Chomhairle</i>
Mr David Sherwin	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>
Mr Pat Grant	<i>Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna an FSS</i>

Coiste Creidiúnúcháin

Téarmaí tagartha don choiste seo faoi athbhreithniú ar an 31ú Nollaig 2008.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Seo a leanas na baill gur tháinig baill eile i gcomharbacht orthu: Ms Julie Woods, Cathaoirleach; Mr Paul Robinson, Cathaoirleach na Comhairle; an tOll Gerard Bury, Leas Chathaoirleach na Comhairle; Mr Sean Creamer, Cathaoirleach an Choiste um Chúram Cliniciúil; Mr Mark Doyle, Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairliúcháin Míochaine; Mr Gabriel Glynn, Ball den Chomhairle; Mr David Hall, Ball den Chomhairle.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008

Mr Michael Garry	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Tom Mooney	<i>Cathaoirleach, Comhairle</i>
Ms Valerie Small	<i>Leas-Chathaoirleach, Comhairle</i>
Mr Frank O'Malley	<i>Cathaoirleach, Coiste um Chúram Cliniciúil</i>
Mr Cathal O'Donnell	<i>Cathaoirleach, Grúpa Comhairliúcháin Míochaine</i>
Mr Gerry Tuohy	<i>Paraimhíochaineoir</i>
Mr Michael Dineen	<i>Paraimhíochaineoir</i>
Mr Barry O'Brien	<i>Ionadaí Bainisteoireachta</i>
Ms Ursula Byrne	<i>Oideachas agus Traenáil, Altranas</i>
Mr Macartan Hughes	<i>Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna</i>
Folamh	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn</i>
An tOll Paul Finucane	<i>Oideachas agus Traenáil, Míochaine</i>
An Dr David McManus	<i>Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann</i>
Mr Stephen McMahon	<i>Cumann Othar na hÉireann</i>
Ms Sarah Cain	<i>Foras Croí na hÉireann</i>
Ms Patricia Fitzpatrick	<i>Ball den Chomhairle</i>
Folamh	<i>Saineolaí in oideachas aosach</i>

Coiste um Chaighdeán na Scrúduithe

Téarmaí tagartha

Dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar an Scrúdú NQEMT agus moltaí a dhéanamh do na Coistí cuí.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Seo a leanas an ball gur tháinig ball eile i gcomharbacht air: Mr David Hall, Ball den Chomhairle.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008

Mr Brian Power	<i>Cathaoirleach</i>
An Dr Geoff King	<i>Stiúrthóir an CCÉRO</i>
Ms Pauline Dempsey	<i>Oifigeach um Fhorbairt Clár an CCÉRO</i>
Mr Ricky Ellis	<i>Oifigeach um Fhorbairt Clár an CCÉRO</i>
Ms Jacqueline Egan	<i>Oifigeach um Fhorbairt Clár an CCÉRO</i>
Mr Sean Creamer	<i>Scrúdaitheoir CCÉRO</i>
Ms Julie Woods	<i>Scrúdaitheoir CCÉRO</i>
An tOll Gerard Bury	<i>Ollamh le Cleachtadh Ginearálta, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath</i>
Mr Ben Heron	<i>Scrúdaitheoir CCÉRO</i>
Mr Shane Knox	<i>Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna</i>
Mr David Sherwin	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn</i>
Mr Mark Wilson	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>

Coiste na nAchomharc

Téarmaí tagartha

Achomhairc a déanadh go dtí an Stiúrthóir a phlé.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Seo a leanas na baill gur tháinig baill eile i gcomharbacht orthu: Mr David Hall, Ball den Chomhairle; Mr John Duggan, Ball den Chomhairle; Mr Gabriel Glynn, Ball den Chomhairle.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008

An tOll Paul Finucane	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Frank O'Malley	<i>Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle</i>
Mr Gerry Tuohy	<i>Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle</i>
Mr Michael Dineen	<i>Ball Neamhscrúdaitheora den chomhairle</i>

Coiste Iniúcháireachta

Téarmaí tagartha

- *Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le nádúir, méid agus éifeachtacht na gcóras cuntasáiochta agus rialúcháin inmheánaigh.*
- *An fheidhm iniúchta inmheánaigh a chomhlánú, a fheabhsú agus a thacú.*

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Seo a leanas na baill gur tháinig baill eile i gcomharbacht orthu: Mr Seoirse Ó hAodha, Saineolaí Airgeadais; Mr David Hall, Ball den chomhairle; Mr Pat Gaughan, Ball den chomhairle; agus Ms Pauline Dempsey, Ball foirne CCÉRO.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008

Mr Con Foley	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Dermot Morgan	<i>Saineolaí Airgeadais</i>
Mr Barry O'Brien	<i>Ball den Chomhairle</i>
Mr Michael Garry	<i>Ball den Chomhairle</i>
Ms Jacqueline Egan	<i>Ball Foirne den CCÉRO</i>

Grúpa Comhairliúcháin Míochaine

Téarmaí tagartha

Ceisteanna míochaine a phlé mar a chuireann an Chomhairle, na Coistí um Chúram Cliniciúil nó um Chreidiúnúchán nó oifig an CCÉRO chucu iad dóibh, agus tuarascáil a thabhairt don an Chomhairle tríd an gCoiste um Chúram Cliniciúil.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Seo a leanas na baill gur tháinig baill eile i gcomharbacht orthu: Mr Paul Robinson, Cathaoirleach na Comhairle; Mr Sean Creamer, Cathaoirleach ar an gCoiste um Chúram Cliniciúil; Ms Julie Woods, Cathaoirleach ar an gCoiste Creidiúnúcháin; Mr Geoff Keye, Comhairleoir Míochaine an Oirthir den FSS; Danny O'Regan, Oifigeach Traenála agus Forbartha; John Burton, Oifigeach Traenála agus Forbartha, Fergus McCarron, Oifigeach Traenála agus Forbartha; Michael Seamen, Oifigeach Traenála agus Forbartha; Vincent O'Connor, Oifigeach Traenála agus Forbartha; agus Brian McNeil, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sheirbhísí Otharcharranna Thuaisceart Éireann.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008

1. Comhairleoir Míochaine – Seirbhís Otharcharranna (cineálach)

Mr Cathal O'Donnell	<i>Cathaoirleach</i>
Mr Mark Doyle	<i>Rannán an Oirdheiscirt an FSS</i>
Mr Stephen Cusack	<i>Comhairleoir Míochaine, Rannán an Deiscirt an FSS</i>
Mr Conor Egleston	<i>Comhairleoir Míochaine, Rannán an Oirthuaiscirt an FSS</i>
Mr John O'Donnell	<i>Comhairleoir Míochaine, Rannán an Iarthair an FSS</i>
Mr Richard Lynch	<i>Comhairleoir Míochaine, Rannán Lár Tíre an FSS</i>
Mr Fergal Hickey	<i>Comhairleoir Míochaine, Rannán an Iarthuaiscirt an FSS</i>
An Dr Peter O'Connor	<i>Comhairleoir Míochaine, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>
Folamh	<i>Comhairleoir Míochaine, FSS an Oirthir</i>
An Dr David Janes	<i>Comhairleoir Míochaine, Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna/Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath</i>
Folamh	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn</i>

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamh-ospidéal.

2. Oifigeach Traenála agus Forbartha – Seirbhís Otharcharranna (cineálach)

Mr Brendan Whelan	<i>Rannán Lár Tíre an FSS</i>
Mr Declan Lonergan	<i>Rannán an Oirdheiscirt an FSS</i>
Mr Lawrence Kenna	<i>Rannán an Oirthir an FSS</i>
Folamh	<i>Rannán an Iarthair an FSS</i>
Folamh	<i>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath</i>

3. Institiúidí traenála creidiúnaithe ag an CCÉRO (cineálach)

Mr Macartan Hughes	<i>Stiúrthóir, Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna</i>
Mr Martin O'Reilly	<i>Oifigeach Stáisiún, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn</i>

4. Beirt ionadaí ó Sheirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann anológach le (1) & (2)

Mr Paul Meehan	<i>Oifigeach Réigiúnach Traenála, Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann</i>
An Dr David McManus	<i>Stiúrthóir Míochaine, Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann</i>

5. Cathaoirligh an Choiste um Chúram Cliniciúil agus an Choiste Creidiúnúcháin araon (cineálach)

Mr Frank O'Malley	<i>Coiste um Chúram Cliniciúil</i>
Mr Michael Garry	<i>Coiste Creidiúnúcháin</i>

6. Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle (cineálach)

Mr Tom Mooney	<i>Cathaoirleach</i>
Ms Valerie Small	<i>Leas-Chathaoirleach</i>

7. Duine do gach ceann acu seo a leanas, Lia Míochaine Éigeandála, Cleachtóir Ginearálta, Péidiatraí (ainmniúchán indibhidiúil i láthair na huaire), Ainéistéisí agus Altra Cláraithe nuair nach bhfuil ina bhall cheana féin trí (1) nó (7).

An Dr Zelig Gaffney	<i>Cleachtóir Ginearálta</i>
An tOll Gerard Bury	<i>Cleachtóir Ginearálta</i>
Ms Valerie Small	<i>Altra Cláraithe</i>
Folamh	<i>Ainéistéisí</i>
Folamh	<i>Péidiatraí</i>

Grúpa Oibre um Rialú

Téarmaí tagartha

Moladh a dhéanamh leis an gComhairle maidir leo seo a leanas:

- Cinneadh a dhéanamh an fiú go molfaí Cáilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála (Rialtóir) a bhronnadh
- Comhábhair rithábachtacha na hoiliúna tosaí agus na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a aithint (a chaithfear a áireamh nuair atá curaclaim á ndruchtú)
- Ceisteanna eile maidir le Rialúchán a aithint go bhfuil gá do shainmhíniú agus d'fhorbairt agus atá faoi shainchúram an CCÉRO agus a mholadh don Chomhairle conas ab fhearr iad a chur chun cinn.

Achoimre ar na hathruithe ballraíochta le linn 2008

Seo a leanas na baill gur tháinig baill eile i gcomharbacht orthu: Mr Sean Creamer, Cathaoirleach ar an gCoiste um Chúram Cliniciúil; Mr Joe Smith, Oifigeach Cumarsáide an FSS.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2008

Mr Gabriel Glynn	Cathaoirleach
An tOll Gerard Bury	Ollamh le Cleachtadh Ginearálta, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
Mr Frank O'Malley	Cathaoirleach, Coiste um Chúram Cliniciúil
Mr Brendan Crowley	Rialtóir, Rannán an Deiscirt an FSS
Mr Pat McCreanor	Priomhoifigeach Otharcharranna, Rannán an Oirthir an FSS
Mr William Merriman	Oifigeach Cumarsáide, Rannán an Oirthir an FSS
Mr John Moody	Oifigeach/Rialtóir Stáisiúin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Mr Hugh O'Neill	Priomhoifigeach Dóiteáin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Mr Gabe McClean	Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann
Mr Shane Knox	Oifigeach Traenála agus Forbartha – Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna

Ráiteas ón Stiúrthóir

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo déanaimid ár ndul chun cinn a nuashonrú agus na dúshláin don bhliain atá romhainn a réamh-mheas.

Tá an Cathaoirleach tar éis ómós a thabhairt don Iar-Chathaoirleach agus don Iar-Chomhairle chomh maith le gnóthachtálacha táscacha an CCÉRO go dtí seo a shonrú. Tá na bloic thógála seo go tráthúil. Glactar leis go forleathan anois gur toisc chriticiúil ratha é córas deaforbartha agus comhtháite réamh-ospidéal chomh maith le seirbhís ardghairmiúil otharcharranna a bheith ann maidir le seirbhísí ospidéal géarmhíochaine a athrú chun feabhais, i dtreo is gur féidir leis an bpobal rochtain a fháil láithreach bonn ar sheirbhísí speisialtóireachta ardchaighdeán.



Dr Geoff King,
Stiúrthóir

Tá tosaíocht déanta ag an gComhairle ar na tionscnaimh seo a leanas do 2009 agus as sin amach

- Feidhmiúchán iomlán náisiúnta na Tuarascála um Chúram Othar (TCO), an TCO leictreonach agus an córas eolais um chúram éigeandála réamh-ospidéal, mar cheist phráinneach
- Creatlach um Iniúchadh Cliniciúil a fhorbairt le feidhmiú agus cleachtóirí agus soláthróirí um chúram éigeandála réamh-ospidéal
- Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fheidhmiúchán ar chreatlach chuimsitheach um Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil (FLG)
- Ard-Pharaimhíochaineoirí
 - o Úsáid straitéiseach na nAPanna a chur chun cinn chomh maith le cur i bhfeidhm an thrombolysis réamh-ospidéal go náisiúnta
 - o An luacháil ar an gclár traenála AP a chríochnú
 - o Na caighdeán d'oidreachas agus do thraenáil na Rialtóirí a thabhairt chun críche
 - o Leas a bhaint as an 'cóireáil agus atreorú' agus 'cóireáil agus scaoileadh' i dTreoirínte um Chleachtadh Cliniciúil (TCC) de réir mar is cuí
 - o Treoirínte comhairliúcháin réamhtheachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le húsáid ag seirbhísí otharcharranna, comharchumainn um chleachtadh ginearálta iar-ama agus gníomhaíochtaí eile de réir mar is cuí.
- Liachleachtóirí
 - o Caighdeán do Cháilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Éigeandála – Liachleachtóir (NQEMT-MP) a dhréachtú
 - o An fhorbairt agus an cur i bhfeidhm ar shamhail cuí um 'Threoir Míochaine' 24/7 a chur chun cinn
- Clár cuimsitheach náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do thraenáil Bhuntacaíochta Beatha (BTB) ins na scoileanna.
- Rannpháirtíocht straitéiseach agus náisiúnta na ndreamanna seo a leanas a chur chun cinn
 - o Seirbhísí cúnta agus deonacha
 - o An Garda Síochána
 - o Seirbhísí coinnithe dóiteáin
 mar chuid de Chóras comhtháite Míochaine Éigeandála (CMÉ).
- Socruithe oibre trasteorann a fhorbairt agus a fheidhmiú i gcomhar leis an FSS agus le Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann (SOTÉ)

Is mian liom féin agus le foireann an CCÉRO fáilte a chur roimh an gComhairle nua ag leanúint den dea-obair.

Is mian liom chomh maith ár mbuíochas a chur in iúl don Roinn Sláinte agus Leanaí as ucht a dtacaíocht leanúnach, chomh maith lenár gcomhpháirtithe indibhidiúla agus eagraíochta sna hearnálacha reachtúla, cúnta, príobháideacha agus deonacha a thacaíonn lenár n-iarrachtaí, trína gcomhoibriú leanúnach, maidir leis an bpobal a chosaint trí chúram éigeandála réamh-ospidéal a fhorbairt agus a fheabhsú.

Foireann an CCÉRO

Stiúrthóir

Leas-Stiúrthóir agus Cláraitheoir
Oifigigh um Fhorbairt Clár

An Dr Geoff King
Barry O'Sullivan
Brian Power
Jacqueline Egan
Pauline Dempsey/Julie Woods
Ricky Ellis

Foireann Tacaíochta um Sheirbhísí Cliant

Marie Ní Mhurchú (Bainisteoir)
Anne Keogh
Claire Finn
Deirdre McHugh
Liz Dempsey
Margaret Feeney
Marian Spence/Marion O'Malley


Foireann Tacaíochta um Sheirbhísí Corparáideach

Sylvia O'Mahony
John Lally

Rúnaí na Comhairle

Bernadette Downey
Marian Spence/Marion O'Malley

Struchtúr na hEagraíochta – Nollaig 2008



An Chomhairle
Um Chúram Éigeandála
Réamh-Ospidéil

Ráitis Airgeadais don

Bhliain Dar Críoch, 31ú Nollaig 2008



Ráitis Airgeadais 2008

Ráitis Airgeadais

Ballraíocht na Comhairle agus Eolas Eile

Baill na Comhairle

<i>Cathaoirleach</i>	Mr Tom Mooney
<i>Leasathaoirleach</i>	Ms Valerie Small
	Mr Frank O'Malley
	Dr Cathal O' Donnell
	Mr Michael Garry
	Mr Michael Brennan
	Mr Michael Dineen
	Dr Conor Egleston
	Ms Patricia Fitzpatrick
	Dr Zelig Gaffney
	Ms Karen Healy
	Mr Macartan Hughes
	Ms Mary Mc Clelland
	Mr Frank Mc Clintock
	Mr Barry O'Brien
	Mr Tom Tinnelly
	Mr Gerry Tuohy

Stiúrthóir Dr Geoff King

Baincéri AIB
An tSráid Mhór
Nás na Rí
Co Chill Dara

Seoladh Gnó Teach Mhóta na Mainistreach
Sráid na Mainistreach
Nás na Rí
Co Chill Dara

Iníúcháir An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na mBall Comhairle


Tá sé de dhualgas ar an gComhairle de bhun Ordaithe na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (Bunaíocht) 2000, ráitis airgeadais, a léiríonn go fírinneach agus go cóir staid na Comhairle chomh maith lena h-ioncam agus lena caiteachas don tréimhse sin, a réiteach do gach bliain airgeadais.

Is na ráitis airgeadais sin á réiteach ag an gComhairle bíonn sé de dhualgas uirthi:

- *polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go rianúil*
- *breithiúnais agus réamh-mheastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh*
- *géilleadh do Chaighdeáin ábhartha Cuntasaíochta, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais*
- *na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin nuair nach bhfuil sé cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal uirthi i mbun feidhme.*

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuí cuntasaíochta a choimeád, a nochtann ag aon am agus go réasúnta cruinn, staid airgeadais na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal agus a chumasaíonn í le deimhin a dhéanamh de go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá sí freagrach chomh maith as sócmhainní na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal a chosaint agus céimeanna cuí a ghlacadh dá réir maidir le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach  Ball den Chomhairle

11ú Meitheamh 2009

Bonn Gnóthas Leantach na Cuntasaíochta

D'fhógair an Rialtas, i mBuiséad Dheireadh Fómhair 2008, go raibh sé ar intinn aige an Chomhairle a chomhchuimsiú sa Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. I láthair na huaire níl sé ar intinn feidhmeanna na Comhairle a leasú agus is féidir brath air go leanfar de chomhlíonadh na ngníomhaíochtaí atá aici faoi láthair. Ní chreideann an Chomhairle go bhfuil gá d'aon choigeartú ar na ráitis airgeadais le léiriú a dhéanamh ar an gcomhchuimsiú atá molta agus tá sí tar éis na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais leantaigh.

Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Glacaimid, thar ceann na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO), go bhfuil sé de fhreagracht orainn a dheimhniú go gcoimeádtar agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Tá an CCÉRO, tríd an Stiúrthóir, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras um rialú inmheánach agus dearbhuithe a sholáthar don Chomhairle.

Deartar córas um rialú inmheánach chun riosca a laghdú seachas deireadh a chur leis. Is féidir le córas dá leithéid soláthar a dhéanamh ar dhearbhu réasúnta seachas dearbhú iomlán go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thairfeadh go cuí, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhair a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Príomhphróisis Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá curtha i bhfeidhm ag an CCÉRO le go ndéanfaí rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar.

I. Tá struchtúr seanbhunaithe eagraíochta ag an CCÉRO ina bhfuil sainlínte soiléire maidir le cuntasacht, freagracht agus tuairisciú;

II. Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais i CCÉRO doiciméadaithe i mapáí próisis an Chórais Bainistíochta Ardchaighdeáin (CBA);

III. Tá an CCÉRO tar éis próisis a bhunú maidir le scagadh dualgas agus maidir le húdarú caiteachais;

IV. Tá na Córais TAS agus SAGE i bhfeidhm ag an CCÉRO d'fhonn an cleachtas cuntasáíochta airgeadais a áisiú agus rianta mioninse iniúchta a sholáthar maidir leis an uile idirbheart;

V. Déantar monatóireacht ar an gcaiteachas agus ar an ngníomhaíocht m(h)iosúil i bhfrithshuíomh leis an bplean gnó. Cuirtear tuarascálacha chuig an Stiúrthóir le go ndéanfaí iad a phlé agus le go ndéanfaí gníomhú cuí ina leith;

VI. Réitítear agus cuirtear isteach staidtuarascáil mhíosúil airgeadais don Roinn Sláinte agus Leanaí

VII. Tá Coiste Iniúcháireachta i bhfeidhm agus tháinig siad le chéile dhá uair le linn na bliana. Chuir an coiste seo tuarascáil don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2008 faoi bhráid na Comhairle i bhFeabhra 2009.

VIII. Tá monatóireacht agus ar athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach eolasaithe ag tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta, obair an Iniúcháir Inmheánaigh, na Bainisteoirí Feidhmeannachta inár gComhairle go bhfuil forbairt agus cothabháil na creatlaí um rialú airgeadais de fhreagracht orthu, na moltaí a dhéanann an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn an iniúchta nó ina litreacha bainistíochta agus an Chreatlach Riosca agus an Clár Riosca araan.


IX. Coimeádtar Baill Comhairle ar an eolas maidir le ceisteanna airgeadais, rialaithe agus gnáthcheisteanna rialachais chorpáide trí chruinnithe Comhairle a reáchtáiltear go rialta.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus an Chomhairle athbhreithniú ar agus thug faomhadh d'athbhreithniú foirmeálta ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach a chomhlíon gnólacht seachtrach cuntasóirí le linn 2008.

Dearbhaim go ndearna an Chomhairle athbhreithniú foirmeálta ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha airgeadais do 2008.



Cathaoirleach



Stiúrthóir

11ú Meitheamh 2009

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

(1) Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar an mbonn fabhráithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ag teacht leis na prionsabail cuntasaíochta go nglactar leo go ginearálta, le heisceacht mar a sonraítear thíos.

(2) Ioncam agus Caiteachas

Is tríd an gcuntas ioncaim agus caiteachais a dhéileáiltear leis an leithdháileadh neamh-chaipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a úsáidtear chun críche caipitil, agus óna n eascraíonn breiseanna sócmhainní seasta, go dtí an Cuntas Ciste Caipitil.

Nuair a úsáidtear cuid den leithdháileadh neamh-chaipitil chun tionscadail, a fhaigheann leithdháiltí caipitil chomh maith, a chistiú, cuirtear an chuid cistíochta neamh-chaipitil go dtí an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais a dhéileáiltear le leithdháiltí caipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Ní bhfuarthas aon leithdháileadh caipitil le linn na tréimhse.

(3) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Gearrtar dímhéas de bhliain iomlán i mbliain an cheannaigh.

Sonraítear an uile shócmhainn sheasta a fhaightear, gan bheann ar fhoinsé na cistíochta ar chostas lúide dímhéas.

Ní ghearrtar dímhéas, atá comhoiriúnaithe ag amúchadh coibhéseach an Chuntas Ciste Caipitil, i gcoinne an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Gearrtar dímhéas ag na rátaí bliantúla seo a leanas:-

Trealamh TFC: 33.3% de réir méid chothroim.

Trealamh Eile: 20.0% de réir méid chothroim.

(4) Cuntas Ciste Caipitil

Léiríonn an Cuntas Ciste Caipitil luach neamhamúchta na cistíochta a sholáthraítear do shócmhainní seasta.

(5) Aoisliúntas

Faoi threoir ón Aire Sláinte agus Leanaí, ní dhéantar aon soláthar maidir le sochair iníochta faoi Scéimeanna Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil toisc go mbíonn an dliteanas frithgheallta ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill den scéim a chur chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoin scéim i leith an chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad.

Cuireadh na ráitis airgeadais seo, ar chuid den tuarascáil bhliantúil iad, faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá siad ar feitheamh le deimhniú.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Ioncam	Nótaí	2008	2007
		€	€
Leithdháileadh ón Roinn Sláinte agus Leanaí		3,437,937	3,414,850
Ioncam Eile	4	428,888	161,253
		3,866,825	3,576,103
Aistriú go Cuntas Ciste Caipitil go Ciste Sócmhainní Seasta	18	(53,052)	(12,240)
		3,813,773	3,563,863
Caiteachas			
Costais na bhfostaithe	3	963,792	836,924
Costais atá bainteach leis an bhfoireann	5	118,296	76,530
Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta	6	196,437	103,840
Earcaíocht agus na Meáin	7	28,198	43,042
Táillí Comhairliúcháin agus Gairmiúla Eile	8	25,236	37,222
Costais Scrúdaithe agus Costais Eile a Ghabhann leo	9	153,008	49,195
Priontáil agus Riarachán Ginearálta	10	166,373	185,809
Eolas, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	11	44,722	100,171
Costais Comhairle/Coiste	12	100,503	146,951
T&F CMÉ, Tionscadail Speisialta, Deontais	13	1,901,972	1,973,918
Costais Cláir	14	113,485	0
		3,812,022	3,553,602
Ráiteas ar Ghluaiseacht i mBarrachas Carnach (Easnamh)			
Barrachas (Easnamh) don bhliain		1,751	10,261
Barrachas ar an 1ú Eanáir 2008		(4,595)	(14,856)
Barrachas (Easnamh) ar an 31ú Nollaig 2008		(2,844)	(4,595)

Lasmuigh den dímeas agus den amúchadh ar shócmhainní seasta go ndéileáiltear leo tríd an gCuntas Ciste Caipitil, cuimsíodh an uile ghnóthachan nó cailteanas aitheanta le teacht ar an mbarrachas ag caiteachas thar ioncam.

Thar ceann na Comhairle

 Cathaoirleach  Ball den Chomhairle



11ú Meitheamh 2009

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Clár Comhardaithe

Sócmhainní Seasta	Notes	2008	2007
		€	€
Sócmhainní Seasta	17	49,585	128,831
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		135,095	71,932
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	16	77,340	38,374
		212,435	110,307
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe	15	215,279	114,902
Sócmhainní Glan Reatha			
		(2,844)	(4,595)
Iomlán Sócmhainní Iúide Dlíteanais Reatha		46,741	124,236
Maoinithe ag			
Cuntas Ciste Caipitil			
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	18	49,585	128,831
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais		2,844	(4,595)
		46,741	124,236

Thar ceann na Comhairle

 Cathaoirleach  Ball den Chomhairle

11ú Meitheamh 2009

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Nótaí Maidir Leis na Ráitis Airgeadais

1. Tréimhse an Chuntais

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain ón 1ú Eanáir 2008 go dtí an 31ú Nollaig 2008.

2. Riarachán

Sholáthair an Roinn Sláinte agus Leanaí cistíocht dhíreach don Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil (CCÉRO).

3. Sonraí Fostaithe agus Luachsaothair

Ceithre dhuine dhéag ab ea an líon iomlán foirne mar a bhí faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí a bhí ann ar an 31ú Nollaig. Ba é an fíorlíon foirne a bhí ann ná 14 go lánaimeartha, 2 Bhall Foirne ar Chonradh agus 1 duine ar iasacht. Seo a leanas costais chomhiomlána na bhfostaithe:

	2008	2007
	€	€
Tuarastail Foirne (Comhlán)	860,225	667,374
ÁSPC Fostaithe	66,667	47,656
Foireann ar Chonradh	36,900	94,247
Foireann Shealadach		27,647
	963,792	836,924
4 Ioncam Eile	2008	2007
	€	€
Táillí Clárúcháin	10,432	26,877
Ioncam Úis	393	333
Táillí Creidiúnúcháin agus Scrúdaithe	56,579	34,829
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	44,854	99,214
Lámhleabhair Thraenála agus díolacháin DVD	66,147	0
Comhpháirtíocht Náisiúnta um Sheirbhísí Sláinte	31,876	0
Ioncam Teastais	36,000	0
Ioncam CFC	181,746	0
Táillí poist agus pacáistithe	861	0
	428,888	161,253
5 Costais atá bainteach leis an bhfoireann	2008	2007
	€	€
Taisteal agus Liúntas Cothaithe Foirne	92,909	62,819
Traenáil agus Forbairt Foirne	25,387	13,226
Costais Eile Foirne		485
	118,296	76,530

6 Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta	2008	2007
	€	€
Cíos agus Muirir Oifige	121,570	81,498
Leictreachas (Solas & Teas)	11,118	9,285
Athchóiriú Oifige	38,125	0
Gnáthchothabháil	10,482	2,203
Glanadh	4,114	3,354
Lónadóireacht / Soláthairtí Cistine	11,028	7,500
	196,437	103,840
7 Earcaíocht & Costais na Meáin	2008	2007
	€	€
Na Meáin agus Earcaíocht	28,198	43,042
	28,198	43,042
8 Táillí Comhairliúcháin agus Gairmiúla Eile	2008	2007
	€	€
Táillí Dí	4,126	6,448
Táillí Comhairliúcháin agus Gairmiúla – Ilnithe	1,827	11,060
Táillí Comhairliúcháin – Airgeadas	5,475	9,488
Iníúchadh Inmheánach	5,808	2,226
Táillí Iníúchta	8,000	8,000
	25,236	37,222
9 Costais Scrúdaithe agus Costais Eile a Ghabhann leo	2008	2007
	€	€
Ionaid an Bhord Scrúdaithe	9,165	1,050
Trealamh / Anailís Scrúdaithe	88,502	9,990
Scrúdaitheoirí Seachtracha	55,341	38,155
	153,008	49,195

10 Priontáil agus Riarachán Ginearálta	2008	2007
	€	€
Páipéarachas	20,394	16,293
Teileafóin agus Fóin Phóca	38,694	20,034
Postas agus Teachtairí	34,878	25,275
Trealamh Oifige	7,670	7,028
Priontáil / Tuarascálacha Bliantúla / Teastais	34,610	88,643
Árachas	3,559	3,525
Cóipirí / Conarthaí Seirbhísí etc	8,204	6,983
Seirbhísí Leabharlainne agus Eolais	4,737	6,548
Ús agus Táillí Bainc	1,401	1,161
Ilghnéithe agus Mionairgead	3,540	2,605
Ballraíocht Chomhlachtaí	8,686	7,714
	166,373	185,809
11 Eolas, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	2008	2007
	€	€
Bogearraí agus Aonaid Fhorimeallacha	20,176	28,461
Ceadúnais agus Tacaíocht TFC	24,546	71,710
	44,722	100,171
12 Costais Comhairle/Coiste	2008	2007
	€	€
Baill na Comhairle	38,690	62,598
Ábhair na Comhairle	11,647	12,560
Coiste Creidiúnúcháin	3,315	6,140
Coiste um Chúram Cliniciúil	1,367	2,829
Grúpa Comhairliúcháin Míochaine	3,758	13,544
Grúpaí Oibre/Comhairliúcháin Eile	41,726	49,280
	100,503	146,951
13 T&F CMÉ, Tionscadail Speisialta, Deontais	2008	2007
	€	€
Foras Croí na hÉireann	113,000	113,000
Tógáil Acmhainne – Tionscadal Scanta	15,499	112,387
Tionscnamh E PCR	377,625	372,925
Urraíocht Chomhdhála	54,214	60,000
Taighde Anailise Spásúlachta	47,383	0
Cistíocht Forbartha d'Ard Pharaimhíochaineoirí	272,096	501,880

Comhtháthú um Chúram Láithreach	165,350	250,000
Forbairt ISIC CPD	0	10,000
Tionscadal Athbheochan Chardascamhógach Ollscoil Luimnigh	174,660	125,000
Céad Fhreagairt Chairdiach (CFC) Breisoiliúint & DVD	160,543	231,198
Bothanna Idirlín	0	31,825
Tuarascáil um Rialáil Traenála	0	70,000
Tionscadal CISM Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad	111,229	95,703
Athbheithniú ar Chaighdeáin Traenála	33,150	0
Clár um Stad Cairdiach Eis-Ospidéal	125,000	0
Clár um Breisoiliúint Pharaimhíochaine – FSS	200,000	0
CFC le Chéile	21,886	0
DVDanna Traenála Scrúdaitheora CFC agus NQEMT	30,337	0
	1,901,972	1,973,918
14 Clár	2008	2007
	€	€
Riarachán – Cártaí aitheantais, Ceadúnais etc	84,529	0
Éisteacht um inniúlacht chun cleachtais	28,956	0
	113,485	0
15 Creidiúnaithe	2008	2007
<i>Méideanna dlíte laistigh d'aon bhliain amháin</i>		
	€	€
Táillí Iniúchta	8,000	8,000
Creidiúnaithe Trádála	35,673	42,387
Fabhruithe	171,606	64,515
	215,279	114,902
16 Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	2008	2007
	€	€
Réamhíocaíocht	55,887	38,374
Iomlán na bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	21,453	0
	77,340	38,374

17 Sócmhainní Seasta <i>(don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2008)</i>	Trealamh TFC	Trealamh Eile	Iomlán
Costas			
Ar an 1ú Eanáir 2008	790,301	176,783	967,084
Breiseanna sa bhliain	40,771	12,281	53,052
Ar an 31ú Nollaig 2008	831,072	189,064	1,020,136
Dímheas Carntha			
Ar an 1ú Eanáir 2008	676,854	161,399	838,253
Muirir don bhliain	122,957	9,341	132,298
Ar an 31ú Nollaig 2008	799,811	170,740	970,551
Glanluach Leabhar			
Ar an 31ú Nollaig 2008	31,261	18,324	49,585
Ar an 31ú Nollaig 2007	113,447	15,384	128,831

18 Cuntas Ciste Caipitil <i>(don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2008)</i>	2008	2007
	€	€
Iarmhéid Tosaigh 1ú Eanáir	128,831	371,237
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	53,052	12,240
Lúide:		
Amúchadh ag teacht le dímheas – Nóta 17	(132,298)	(254,647)
Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig 2008	49,585	128,831

